**CINNEADH (AE) 2023/2102 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 2 Deireadh Fómhair 2023**

**lena gceaptar beirt chomhaltaí den choiste daoine neamhspleácha oirirce arna bhunú le hAirteagal 11 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE, Euratom) 1141/2014, páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, foráiltear gur coinníoll a ghabhann lena gclárú é nach mór dóibh, ina gclár agus ina ngníomhaíochtaí araon, na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe a urramú, mar a chuirtear in iúl iad in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, mar atá meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad;

(2) I gcás ina bhfuil amhras ann maidir le cé acu atá nó nach bhfuil páirtí nó fondúireacht ag comhlíonadh an cheanglais sin ó thaobh na praitice de, féadfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle nó an Coimisiún iarraidh ar an gcás a fhíorú a thaisceadh leis an Údarás um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus Fondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha ('an tÚdarás');

(3) Sula ndéanfar cinneadh maidir le páirtí nó fondúireacht a dhíchlárú, caithfidh an tÚdarás dul i gcomhairle le Coiste daoine neamhspleácha oirirce, a thabharfaidh tuairim laistigh de 2 mhí;

(4) Bunaíodh an coiste daoine neamhspleácha oirirce le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014;

(5) Seisear comhaltaí atá sa Choiste, agus déanfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún araon beirt chomhaltaí a cheapadh. Déanfar an coiste a athnuachan laistigh de 6 mhí i ndiaidh dheireadh an chéad seisiúin de Pharlaimint na hEorpa i ndiaidh gach toghcháin Eorpaigh;

(6) Is gá, dá bhrí sin, beirt chomhaltaí a cheapadh don Choiste sin.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

(1) Ceaptar na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí den Choiste daoine neamhspleácha oirirce ar feadh téarma oifige an Choiste:

— Tiina ASTOLA, Uasal,

— Kolinda GRABAR-KITAROVIĆ, Uasal.

([1]) IO L 317, 4.11.2014, Lch. 1

(2) Tá an ceapachán faoi réir gach duine de na comhaltaí ainmnithe an dearbhú neamhspleáchais agus easpa coinbhleacht leasa atá i gceangal leis an gCinneadh seo a shíniú.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Deireadh Fómhair 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

## DEARBHÚ NEAMHSPLEÁCHAIS AGUS EASPA COINBHLEACHT LEASA

Dearbhaímse, a bhfuil mo shíniú anseo thíos, .........., gur thug mé do m'aire Airteagal 11(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha agus go bhfeidhmeoidh mé mo chuid feidhmeanna i mo cháil mar chomhalta den choiste daoine neamhspleácha oirirce ar bhealach a bheidh go hiomlán neamhspleách agus go hiomlán i gcomhréir le rialacha an Rialacháin sin. Ní iarrfaidh mé treoir ná ní ghlacfaidh mé treoir ó aon institiúid nó rialtas ná ó aon chomhlacht, oifig nó gníomhaireacht eile. Staonfaidh mé ó aon ghníomh a bheadh ar neamhréir le cineál mo chuid dualgas. Dearbhaím nach ann do choinbhleacht leasa i mo chás-sa, chomh fada agus is eol dom. Bíonn coinbhleacht leasa ann i gcás ina gcuirtear as d'fheidhmiú neamhchlaonta oibiachtúil na ndualgas atá orm i mo cháil mar chomhalta den choiste daoine neamhspleácha oirirce ar chúiseanna a bhaineann le cúrsaí teaghlaigh, leis an saol pearsanta, le cleamhnacht pholaitiúil, náisiúnta, fealsúnachta nó chreidimh, le leas eacnamaíoch nó le haon leas eile a bheadh i bpáirt agam le faighteoir féideartha. Dearbhaím, go háirithe, nach comhalta de Pharlaimint na hEorpa, den Chomhairle ná den Choimisiún mé. Níl aon sainordú toghchánach agam. Ní oifigeach ná seirbhíseach eile de chuid an Aontais Eorpaigh mé. Ní fostaí mé de pháirtí polaitiúil Eorpach ná d'fhondúireacht pholaitiúil Eorpach agus níorbh ea riamh.

Arna dhéanamh ..........................................................................................................,

[Dáta + SÍNIÚ an chomhalta ainmnithe den choiste daoine neamhspleácha oirirce]